2010

MEASTACHÁIN

FÁLTAS agus CAITEACHAIS

DON

BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 NOLLAIG 2010

Arna n-ullmhú ag an Rialtas agus arna gcur faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir fhorálacha Airteagal 28 den Bhunreacht.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS, CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 647 6834 nó 1890 213434; Fax: 094 - 789964 nó 01- 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALES OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO
(Tel: 01 - 647 6834 OR 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller

(Prn. A9/1545) Price €1.00

NÓTAÍ MÍNITHE

1. An bunús leis na figiúirí

Na figiúirí a thaispeáintear i leith fáltas agus caiteachais in 2009, is aschuir réamh-mheasta iad agus léiríonn siad an t-eolas reatha. Tá siad faoi réir athchóirithe nuair a bheidh figiúirí dheireadh na bliana ar fáil. Beidh sonraí lán-iniúchta ar fáil sna *Cuntais Airgeadais 2009* agus sna *Cuntais Leithghabhála 2009* a fhoilseofar faoi 30 Meán Fómhair 2010 ar a dhéanaí.

2. Ioncam

Tá an t-aschur tuartha de €32,570 milliún i leith ioncam reatha in 2009 bunaithe ar shonraí an Státchiste ag deireadh mhí na Samhna agus mínítear an mhórchuid de ar bhonn cánacha. Tá seo i gcomparáid leis an sprioc de €34,400 milliún i mBuiséad Forlíontach 2009. Tá an meastachán ar ioncam do 2010 i gcomhréir leis an tuar athchóirithe do 2009, agus tá sé bunaithe ar an dlí cánach atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Caiteachas

Is figiúirí réamh-mheasta iad na figiúirí tuartha aschuir do 2009, faoi mar a chuir Ranna agus Oifigí iad in iúl. Beidh figiúirí d'eisiúintí ag deireadh na bliana ar fáil go luath i mí Eanáir 2010.

Is leithdháiltí de airgead tirim ag Ranna na figiúirí i dtaobh caiteachas vótáilte do 2010. Leagfar amach sa Bhuiséad an miondealú mionsonraithe mar aon le haon chinntí buiséadacha i dteannta le faisnéis bhreise ón Aire/Roinn ábhartha.

4. Leithghabhálacha-i-gCabhair

Taispeáintear caiteachais vótáilte agus iad glan ar Leithghabhálacha-i-gCabhair. Is fáltais iad seo ar féidir le Roinn nó Oifig, le toiliú na Dála, iad a choinneáil lena n-úsáid le haghaidh caiteachais in ionad iad a íoc isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste.

5. Réamh-mhaoiniú dliteanas pinsean amach anseo

San Acht um an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 foráiltear go ndéanfar cuid den chostas amach anseo ar phinsin leasa shóisialaigh agus ar phinsin seirbhíse poiblí a réamh-mhaoiniú, agus go gcuirfear ar leataobh gach bliain 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) mheasta chun na críche seo.

6. An Comhardú Rialtais Ghinearálta (Tábla 1(a))

Is tomhas é an Comhardú Rialtais Ghinearálta (CRG) de fheidhmíocht fhioscach na hearnála Rialtais Ghinearálta go léir. Airítear ann an Státchiste, an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), na comhlachtaí státurraithe neamhthráchtála, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), agus Cistí Seach-Bhuiséadacha eile, na hÚdaráis Áitiúla, agus na Coistí Gairmoideachais (CGO).

Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus <u>ní cuid</u> iad den ioncam a íoctar isteach sa Státchiste, ach imríonn siad tionchar ar an gComhardú Rialtais Ghinearálta.

Dá bharr sin, ní áirítear idirbhearta atá laistigh d'earnáil an Rialtais Ghinearálta i dtaca leis an CRG: mar shampla, ní athraíonn íocaíocht ón Státchiste isteach sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean an Comhardú Rialtais Ghinearálta.

Is ceisteanna le réiteach iad ag Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) scóip earnáil an Rialtais Ghinearálta, agus an chaoi a gcinntear an bealach ceart cuntasaíochta ESA 95 le haghaidh idirbhearta Rialtais Ghinearálta.

I dTábla 1 ar leathanach 5 tugtar an measúnú is déanaí ar CRG do 2009. Tá an figiúr don CRG do 2010 ar bhonn réamh-Bhuiséid agus ní chuirtear san áireamh aon choigeartuithe a fhógrófar Lá an Bhuiséid. Tá figiúirí an CRG i dTábla 1(a) i gcomhréir le comharduithe an Státchiste i dTábla 1.

7. Leagan Béarla

Foilsítear an doiciméad seo i nGaeilge agus i mBéarla agus tá an dá leagan le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie

TÁBLA 1
FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS GO hIOMLÁN

	Tagairt	2009	2010
		€m	€m
Fáltais			
Reatha	*Tabla 2*	33,404	34,285
Caipitil	*Tabla 2*	1,464	1,671
Iomlán		34,868	35,957
Caiteachas			
Reatha	*Tabla 2*	45,520	50,200
Caipitil	*Tabla 2*	14,609	7,694
Iomlán		60,128	57,895
Comhardú Státchiste		**-25,261**	**-21,938**

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag slánú suas/síos ar na hiomláin

TÁBLA 1(a)
COMHARDÚ RIALTAIS GHINEARÁLTA

	2009	2010
	€bn	€bn
Comhardú Rialtais Ghinearálta	**-19.3**	**-21.8**
% de OTI	**-11¼%**	**-13½%**

TÁBLA 2
SONRAÍ NA bhFÁLTAS AGUS AN CHAITEACHAIS GO hIOMLÁN

	Tagairt	2009	2010
		€m	€m
Measachán Fáltas agus Caiteachais - REATHA			
Fáltais			
Ioncam Cánach	Nóta 1, Lch. 6	32,570	31,930
Ioncam Neamhchánach	Nóta 2, Lch. 6	834	2,355
Iomlán		33,404	34,285
Caiteachas			
Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil)	Nóta 2, Lch. 7	40,368	43,068
Neamhvótáilte (Caiteachas neamhroghnach a chuirtear de mhuirear go díreach ar an Lárchiste)	Nóta 3, Lch. 8	5,152	7,132
Iomlán		45,520	50,200
Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Reatha		**-12,116**	**-15,915**
Measachán Fáltas agus Caiteachais - CAIPITEAL			
Fáltais			
Fáltais chaipitil eile	Nóta 4, Lch. 8	1,464	1,671
Caiteachas			
Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil)	Nóta 5, Lch. 9	6,773	6,870
Neamhvótáilte (Caiteachas a chuirtear de mhuirear go díreach faoi reachtaíocht áirithe)	Nóta 6, Lch. 9	7,836	825
Iomlán		14,609	7,694
Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Caipitil		**-13,145**	**-6,023**
Comhardú Státchiste		**-25,261**	**-21,938**

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag slánú suas/síos ar na hiomláin

NÓTA 1
FÁLTAIS REATHA

Ioncam Cánach	**2009** €m	**2010** €m
Custaim	209	200
Mál	4,575	4,525
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitil	385	340
Cáin ar Fháltais Chaipitil	260	240
Dleachtanna Stampála	900	975
Cáin Ioncaim	11,810	11,979
Cáin Chorparáide	3,790	3,210
Cáin Bhreisluacha	10,640	10,460
Tobhaigh	1	1
Iomlán	**32,570**	**31,930**
Ioncam Neamh-Chánach		
An Banc Ceannais - Barrachas Ioncaim	290	640
Barrachas an Chrannchuir Náisiúnta	275	272
Díbhinní	145	176
An Scéim um Institiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008	-	1,000
Foirceannadh ar urrú Ulysses	-	140
Fáltais Eile	124	127
Iomlán	**834**	**2,355**

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag slánú suas/síos ar na hiomláin

NÓTA 2
GLAN-CHAITEACHAS REATHA VÓTÁILTE

Vóta Uimh.	Seirbhís	2009 €000	2010 €000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	3,422	3,410
2	Roinn an Taoisigh	28,706	32,706
3	Oifig an Ard-Aighne	16,429	17,364
4	Príomh-Oifig Staidrimh	49,670	63,858
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	7,471	7,105
6	Oifig an Aire Airgeadais	64,415	75,369
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	333,735	396,753
8	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	492	596
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	395,955	385,933
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	260,052	282,763
11	Saotharlann Stáit	8,745	9,878
12	Rúnseirbhís	900	700
13	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	33,476	40,130
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	44,671	46,120
15	Oifig Luachála	8,658	10,910
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	9,854	12,962
17	Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	979	1,210
18	Oifig an Ombudsman	7,162	8,191
19	Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	422,845	425,631
20	Garda Síochána	1,471,034	1,469,810
21	Príosúin	318,720	322,321
22	Seirbhís Chúirteanna	45,860	63,069
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	35,975	37,891
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanacha	394	448
25	Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	847,478	893,944
26	Oideachas agus Eolaíocht	8,046,097	8,032,775
27	Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	329,709	322,295
28	Gnóthaí Eachtracha	187,523	196,986
29	Comhar Idirnáisiúnta	567,642	535,350
30	Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha	117,167	112,967
31	Talmhaíocht agus Bia	1,039,434	985,162
32	Iompar	530,724	581,087
33	Gailearai Náisiúnta	8,659	8,952
34	Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht	976,109	1,106,099
35	Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht	390,320	391,747
36	Cosaint	763,259	765,398
37	Pinsin Airm	209,200	202,000
38	Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	10,617,847	13,589,359
39	Sláinte agus Leanaí	450,724	444,958
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	11,450,825	11,080,934
41	Oifig an Aire Leanaí	384,168	322,168
	Fo-iomlán – Caiteachas Reatha Vótáilte (1)	40,486,505	43,287,309
	Coigiltis Phárolla atá le Leithdháileadh		(219,000)
	Lúide Iarmhéideanna Roinne (2)	118,501	
	Íocaíochtaí an Státchiste go hIomlán le haghaidh Glan-Chaiteachais Vótáilte (3)	**40,368,004**	**43,068,309**

(1) Léiríonn figiúirí 2009 an t-aschur tuartha is déanaí faoi mar a chuir Ranna iad in iúl.

(2) Is ionann na hiarmhéideanna Roinne agus na méideanna a eisíodh as Cuntas Státchiste an Lárchiste le haghaidh caiteachais Roinne in aon bhliain amháin agus atá gan caitheamh ag deireadh bliana go dtugtar iad ar aghaidh lena n-úsáid sa bhliain dár gcionn. Ní bhíonn aon éifeacht acu ar chaiteachas Roinne atá faoi réir an leithdháilte sna Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí.

(3) Cuimsíonn figiúirí na bliana 2010 thuasluaite, sábháiltí Réamh-Bhuiséid de €243 milliún ón staid ghlanchaiteachas um ionchas Réamh-Bhuiséid de bharr athruithe sa bheo-chlár, ach go háirithe.

NÓTA 3
CAITEACHAS REATHA NEAMH-VÓTÁILTE

	2009	2010
	€m	€m
Fónamh don Fhiachas Náisiúnta		
Ús	2,664	4,617
Ciste Fiachmhúchta [1]	573	617
Costais Bhainistíochta Fiachais	113	123
Fo-iomlán	3,350	5,358
Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte Eile		
Ranníocaíocht le Buiséad an AE	1,495	1,540
Íocaíochtaí le Marathon Petroleum Ireland Ltd. faoin Acht Airgeadais, 1992	11	4
Costais Toghcháin	32	3
Tuarastail agus pinsin don bhreithiúntacht agus do shealbhóirí Oifige Bunreachtúla agus Pinsin agus liúntais do bhaill nó d'iarbhaill áirithe an Oireachtais	50	51
Íocaíochtaí le Páirtithe Polaitiúla faoi na hAchtanna Toghcháin	6	5
Síntiús leis an Eagraíocht Forbartha Idirnáisiúnta	18	18
An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide (Leasú) 1983	16	1
Coimisiún Oireachtais	124	118
Ciste Forbartha na hÁise	9	9
Ilghnéitheach	41	25
Fo-iomlán	1,802	1,775
Iomlán	**5,152**	**7,132**

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag slánú suas/síos ar na hiomláin

(1) An soláthar le haghaidh an Chiste Fiachmhúchta, is aistriú é ón gcuntas reatha go dtí an cuntas caipitil.

NÓTA 4
FÁLTAIS CHAIPITIL EILE

	2009	2010
	€m	€m
Fáltais ón AE		
An Ciste Comhtháthaithe	11	37
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa	53	100
Líonraí Tras-Eorpacha agus fáltais eile on AE	12	4
Aisíoc Iasachtaí		
Blianacht faoi Achtanna Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935 go 1987	7	7
Fáltais Chaipitil Eile		
Díol Maoin Stáit	0	10
CETRT	741	795
GFT, FÁS agus Fiontraíocht Éireann	6	0
Ceadúnais Teileafónaíochta So-ghluaiste	8	10
Aistriú ón Vóta Cómhshaoil maidir le Ciste Carbóin	53	37
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsin 2009	-	55
Ciste Fiachmhúchta [1]	573	617
Iomlán	**1,464**	**1,671**

NÓTA 5
GLAN-CHAITEACHAS CAIPITIL VÓTÁILTE

		2009	2010
		€000	€000
	Caiteachas Caipitil Vótáilte go hIomlán	**6,773,288**	**6,869,733**

Nóta 1: Meastar go seasann na fáltáis chaipitil vótáilte ag €443 milliún sa bhliain 2009 agus ag €481 milliún sa bhliain 2010. Is glan-fhigiúr iad seo sa tábla thuas.

Nóta 2: Ní léiríonn an foriomlán i leith na bliana 2010 an €750 milliún de choigeartú caipitil a fograíodh sa bhuiséad forlíontach i mí Aibreán atá anois corpraithe sna figúirí a tugadh in ionchas Réamh-Bhuiséid na Samhna.

Nóta 3: Déanfaidh an tAire na laithdháiltí caipitil do Vótaí aonair maidir le 2010 a fhógairt sa Bhuiséad seo chugainn. Is ar bhonn Réamh-Bhuiséid atá an t-iomlán do 2010 a thaispeáintear thuas

NÓTA 6
CAITHEACHAS CAIPITIL NEAMH VÓTÁILTE

	2009	2010
	€m	€m
Íocaíochtaí faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach		
Aisíocaíochtaí CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe	0	20
CETRT	795	800
Íocaíochtaí Caipitil Eile		
An tAcht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000	3,000	-
Banc Angla-Éireannach	4,000	-
Ilghnéitheach	40	5
Iomlán	**7,836**	**825**